

ELeathanach322

Dé Luain 13 Bealtaine 2019

Botún Litrithe

Tá nóta nua ag Banc na hAstráile. Is nóta \$50.00 é. Chuir siad 46 milliún nóta amach i Mí Dheireadh Fómhair 2018.

Tá pictiúr den scríbhneoir Astrálach, David Unaipon, ar an nóta. Tá pictiúr d'Edith Cowan ar chúl an nóta. Ba í Edith Cowan an chéad bhean a bhí ina ball Parlaiminte san Astráil. Tá abairt ó oráid Edith ar an nóta ach tá botún litrithe san abairt.

Seo an abairt atá scríofa trí huairé ar an nóta. "It is a great responsibility to be the only woman here..." Cá bhfuil an botún litrithe?

Tá an banc chun an botún a fhágáil sna sean-nótaí. Ach ceartóidh an banc an botún sna nótaí nua!



Tá Edith Cowan ar chúl an nóta.

Sraith na gCuradh

Bhí cluiche sacair ar siúl in Anfield Dé Máirt seo caite. Bhí Liverpool ag imirt i gcoinne Barcelona. Bhí slua ollmhór in Anfield.

Scóráil Divock Origi 2 chúl agus Georginio Wijnaldum 2 chúl do Liverpool. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Liverpool 4 : Barcelona 0.

Is é Jurgen Klopp an bainisteoir. Bhí an-áthas air. Thosaigh gach duine ag canadh ag deireadh an chluiche. Chan siad an t-amhrán 'You will never walk alone'. Beidh siad sa Chraobh anois i gcoinne Tottenham Hotspur.

Príomhroinn Peile i Sasana

Bhuaigh Manchester City an Phríomhroinn Peile Dé Domhnaigh. D'imir siad i gcoinne Brighton. An scór a bhí ann ag deireadh an chluiche ná Manchester City 4: Brighton 1.

Is é Pep Guardiola an bainisteoir. Bhí an-áthas ar Pep agus ar Vincent Kompany. Is é Vincent Kompany an captaen. Bhí an-áthas air nuair a bhronn siad an trofaí air!



Bhí an-áthas ar Liverpool nuair a bhuaigh siad! Beidh siad sa chraobh i Mí an Mheithimh

Aimsir bhreá

Beidh aimsir bhreá ar fud na hÉireann don tseachtain. Beidh an ghrian ag taitneamh. An teocht is airde a bheidh ann ná 20 céim Celsius.

Bígí cinnte go gcuirfidh sibh uachtar gréine oraibh. Tá níos mó eolais faoin aimsir ar fáil ar shuíomh TG4.

<https://www.tg4.ie/ga/clair/an-aimsir/weather-terms/>

